



Imlitir 0001/2010

Chuig Údaráis na mBunscoileanna, na n-Iarbhunscoileanna, na Scoileanna Speisialta agus Seirbhísí Oideachais Eile

Comhchlár Diplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leantach do Múinteoirí atá ag obair i dTacaíocht Foghlamtha agus Oideachas Speisialta – 2010/2011

1. Cláir 2010/2011

Mar chabhair do scoileanna agus do sheirbhísí oideachais chun freastal ar riachtanais daltaí a bhfuil tacaíocht foghlama uathu agus i dteagasc daltaí le riachtanais speisialta oideachais, déanfar comhchlár diplóma iarchéime oiliúna nua um fhorbairt ghairmiúil leantach a thairiscint d'oidí i Meán Fómhair 2010.

Sa scoilbhliain 2010/2011, déanfar an comhchlár diplóma iarchéime oiliúint inseirbhíse seo a thairiscint sna hionaid seo a leanas:

- Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, Ráth Maoinis, B.Á.C. 6 (60 áit ar fáil)
- Coláiste Mhuire gan Smál, Cuarbhóthar Theas, Luimneach (50 áit ar fáil).
- An Scoil Oideachais, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (30 áit ar fáil).
- Coláiste San Aingeal, Loch Gile, Sligeach (50 áit ar fáil).
- Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9 (55 áit ar fáil).
- Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (25 áit ar fáil).
- Scoil an Oideachais, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, Belfield, B.Á.C. 4 (25 áit ar fáil).

2. Maoiniú

Cuirtear maoiniú ar fáil le haghaidh na gclár sna Coláistí/Ollscoileanna thuasluaite do gach ionad ar leith ag an Rannóg Oideachais Múinteoirí sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta faoin gClár Náisiúnta Forbartha 2007 – 2013.

3. Aidhm agus Ábhar

Is é is aidhm don chlár ná oiliúint shubstaintiúil, idir theoiriciúil agus phraiticiúil, um fhorbairt ghairmiúil leantach a chur ar fáil do mhúinteoirí atá ag obair le daltaí le riachtanais speisialta oideachais agus do mhúinteoirí atá ag obair i scoileanna aitheanta príomhshrutha agus i suímh eile oideachais le daltaí a bhfuil teagasc thacaíocht foghlama uathu. Bronnfaidh na Coláistí/Ollscoileanna atá páirteach cáilíochtaí ar rannpháirtithe a chríochnaíonn an clár go sásúil. Déanfar measúnú ar na rannpháirtithe i dtaca le **lántinreamh** ag ionad an chlár, tascanna roghnaithe agus cleachtaí scríofa a chur i gcrích go sásúil (agus scrúduithe mar is cuí), maoirseacht ar a gcuid oibre i scoileanna/ionaid agus meastóireacht deiridh. Cuirfidh na Coláistí/Ollscoileanna ar leith sonraí breise ar fáil d'iarraitasóirí.

4. Fad agus Eagar

Fad bliana acadúla atá sna cláir. Ba chóir d'iarthóirí a thabhairt faoi deara go mbeidh **ocht seachtaine saor** ar an iomlán ó scoileanna nó ionaid chun freastal ar an gclárionad cuí agus go mbeidh teagasc i scoileanna na rannpháirtithe féin agus i láithreacha eile i gceist sa chuid eile den bhliain. Beidh difríochtaí áirithe idir na Coláistí/Ollscoileanna atá páirteach maidir le heagar, measúnú agus teideal na gcáilíochtaí. Cuireann na cláir uile liostaithe thíos cáilíochtaí ar fáil i dtaca le riachtanais speisialta oideachais atá aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

5. Coláistí/Ollscoileanna

- (a) **Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, Ráth Maonais, B.Á.C. 6. (www.cice.ie)**
Tá an clár seo ann do mhúinteoirí i Scoileanna Speisialta, Bunscoileanna agus Iarbunscoileanna aitheanta agus is é atá mar sprioc aige ná bronnadh Dioplóma Iarchéime i dTacaíocht Foghlama agus Riachtanais Speisialta Oideachais ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Maireann sé ó Mheán Fómhair 2010 go dtí Meitheamh 2011 agus bíonn san áireamh ann blocscaoileadh ó scoileanna ar feadh iomlán de ocht seachtaine mar aon le hobair faoi mhaoirsiú i scoileanna na rannpháirtithe féin agus staidéar leantach i rith na bliana. Freastalóidh na rannpháirtithe ar an gcoláiste ar cheithre Shatharn i rith na bliana acadúla freisin. Tá sonraí teagmhála ag deireadh na himlitreach seo.
- (b) **Coláiste Mhuire gan Smál, An Cuarbhóthar Theas, Luimneach (www.mic.ul.ie)**
Eagraítear an clár seo ag an Roinn Oideachais Speisialta. Is é atá mar sprioc aige ná bronnadh Dioplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais, creidiúnaithe ag Ollscoil Luimnigh. Déanann an cúrsa imscrúdú domhain a thairiscint d'iarthóirí ar a rogha réimse de Riachtanais Speisialta Oideachais (Uathachas, Disléicse, Neamhord Hipirghníomhaíochta Easpa Airde, Míchumais Ginearálta Éadroma Foghlama, Neamhoird Mhothúchána agus Iompair, siondróm Down nó réimsí eile i Riachtanais Speisialta Oideachais),. Maireann an cúrsa ó Mheán Fómhair 2010 go dtí Bealtaine 2011 agus bíonn san áireamh ann blocscaoileadh ó scoileanna ar feadh tréimhsí sonraithe (iomlán d'ocht seachtaine) agus ceithre dheireadh seachtaine (tráthnóna Aoine, Satharn). Ba chóir dóibh siúd atá ag machnamh ar pháirt a ghlacadh sa chlár seo dul i dteagmháil leis an gcoláiste do bhreis sonraí maidir le blocscaoileadh. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choláiste. Tá sonraí teagmhála ag deireadh na himlitreach seo.
- (c) **Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (www.nuigalway.ie)**
Cuireann Scoil an Oideachais an clár seo ar fáil, agus is é atá mar sprioc aige ná bronnadh Dioplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais. Maireann sé ó go luath i Meán Fómhair 2010 go dtí Bealtaine 2011 agus bíonn san áireamh ann scaoileadh ó scoileanna/ionaid do bhlocthréimhsí sainithe (iomlán d'ocht seachtaine thar an bhliain acadúil) chun freastal ar léachtaí agus ar cheardlanna san Ollscoil. Ina theannta sin, beidh ar mhúinteoirí freastal ar léachtaí agus ar cheardlanna san Ollscoil ar cheithre Shatharn. Tá obair faoi mhaoirseacht i scoileanna/ionaid na múinteoirí i gceist freisin, á thacú ag staidéar leantach i rith na bliana ag baint úsáide as réimse de sholáthar ábhair. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choláiste. Tá sonraí teagmhála ag deireadh na himlitreach seo.
- (d) **Coláiste San Aingeal, Sligeach (www.stangelas.nuigalway.ie)**
Is í Roinn an Oideachais a eagraíonn an clár seo. Is é atá mar sprioc aige ná bronnadh Dioplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais, creidiúnaithe ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Maireann an cúrsa ó Mheán Fómhair 2010 go dtí Bealtaine 2011. Tá an cúrsa

bunaithe ar mheascán de bhlocscaoileadh ón scoil/ionad ar feadh iomlán d'ocht seachtaine, ceithre Shatharn d'oiliúint aghaidh le haghaidh, agus cianfhoghlaim, chomh maith le hobair faoi mhaoirseacht i scoileanna/ionaid na múinteoirí féin. Tá staidéar leantach tacaíthe sa chlár freisin i rith na bliana ag baint úsáide as modhanna éagsúla soláthar. Is é struchtúr an chlár na ceithre mhodúl cineálach agus modúl sainstaidéir. Féadfaidh na rannpháirtithe dhá réimse a roghnú astu seo a leanas: Míchumais Sonracha Foghlama; Neamhoird Speictrim Uathaigh; Oideachas Aosach/Míbhuntáiste/Idirchultúrtha; agus Iompar Dúshlánach. Ba chóir dóibh siúd atá ag machnamh ar pháirt a ghlacadh sa chlár seo dul i dteagmháil leis an gcoláiste do bhreis sonraí maidir le blocscaoileadh. Tá sonraí teagmhála ag deireadh na himlitreach seo.

- (e) **Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9 (www.spd.dcu.ie)**
Is d'oidí Scoileanna Speisialta, Bunscoileanna agus Iarbhunscoileanna aitheanta an clár seo, a eagraíonn Roinn Oideachais Speisialta an Choláiste agus a bhfuil mar sprioc aige bronnadh Diplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais atá creidiúnaithe ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Maireann an cúrsa ó Mheán Fómhair 2010 go dtí Meitheamh 2011. Tá modh measctha soláthar i gceist, ina bhfuil blocscaoileadh ó scoil (ocht seachtaine san iomlán) oiliúint ar líne agus cianoiliúint agus trí dheireadh seachtaine (tráthnóna Aoine, Satharn) d'oiliúint aghaidh le haghaidh. Chun páirt a ghlacadh sa chlár, beidh gá ag múinteoirí le rochtain ar ríomhaire agus ar idirlíon leathanbhanda. Tairgeann an clár conair speisialaithe i míchumais ginearálta foghlama measartha, troma agus domhaine agus i riachtanais speisialta oideachais ardmhínicíochta. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choláiste. Tá sonraí teagmhála ag deireadh na himlitreach seo.
- (f) **Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (www.ucc.ie)**
Is d'oidí Scoileanna Speisialta, Bunscoileanna agus Iarbhunscoileanna aitheanta an clár seo, a eagraíonn Roinn an Oideachais, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Is é atá mar sprioc aige ná bronnadh Diplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais. Mairfidh sé ó Mheán Fómhair 2010 go Bealtaine 2011 agus bíonn san áireamh ann blocscaoileadh ón scoil ar feadh ocht seachtaine, trí dheireadh seachtaine, cianfhoghlaim mar aon le obair faoi mhaoirseacht i scoil an mhúinteora féin. Tá sonraí teagmhála ag deireadh na himlitreach seo.
- (g) **An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Belfield, Baile Átha Cliath 4 (www.ucd.ie)**
Is é atá mar sprioc ag an gclár seo, a chuireann Roinn an Oideachais ar fáil, ná bronnadh Diplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais. Mairfidh sé ó Mheán Fómhair 2010 go dtí Bealtaine 2011. Tá modh measctha soláthar i gceist, ina bhfuil blocscaoileadh ó scoil/ionad (ocht seachtaine san iomlán) oiliúint ar líne agus cianoiliúint agus cúig Shatharn de cheardlanna agus seimineáir comhoibríochta. Ba chóir dóibh siúd atá ag machnamh ar pháirt a ghlacadh sa chlár seo dul i dteagmháil leis an gcoláiste do bhreis sonraí maidir le blocscaoileadh. Tá sonraí teagmhála ag deireadh na himlitreach seo.

6. Incháilitheacht

Tabhair faoi deara go gcaithfidh gach oide a bheith cláraithe faoi réir Ailt 31 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Féach ar shuíomh gréasáin na comhairle múinteoireachta www.teachingcouncil.ie do bhreis eolais.

Is do mhúinteoirí reatha atá fostaithe i bpost arna mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus a sholáthraíonn Tacaíocht Foghlama, Teagasc Acmhainne agus Teagasc Acmhainne do Thaistealaithe i mBunscoileanna, Iarbhunscoileanna agus Seirbhísí Oideachasúla aitheanta eile an clár seo. Tá múinteoirí atá ag freastal i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta i dteideal iarratas a dhéanamh freisin. Féach ar na himlitreacha sa liosta in Aguisín 2 d'eolas ar na cáilíochtaí atá riachtanach do phoist múinteoireachta sa Tacaíocht Foghlama/Teagasc Acmhainne ag leibhéal na Bunscoile agus na hIarbhunscoile agus na cáilíochtaí atá riachtanach do mhúineadh i Scoileanna Speisialta.

Ba chóir a mheabhrú nach mbeidh oidí cáilithe chun áit a ghlacadh ná leanúint leis an gcúrsa mura soláthraítear na huairéanta agus na háiseanna chun a chur ar a gcumas lár-rannpháirtíocht a dhéanamh ina suíomh scoile féin. Tá sé thar a bheith tábhachtach go ndáilfear ualach oibre ar mhúinteoirí atá páirteach sa Chlár a cheadóidh dóibh an tairbhe is mó a bhaint as an bhforbairt ghairmiúil leantach atá á thairiscint.

(a) **Bunscoileanna:**

Beidh ar oidí cóip dá dTeastas Clárúcháin a chur isteach, nó litir dheimhniú clárúcháin ón gComhairle Mhúinteoireachta, agus foirm iarratais á sheoladh isteach. Má tá an réimse “Earnáil Oideachais”, beidh ar oidí fianaise a sholáthar go bhfuil aitheantas acu ón gComhairle Mhúinteoireachta ar incháilitheacht do mhúineadh in earnáil an oideachais bunscoile príomhshrutha nó do scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais nó scoláirí a bhfuil Tacaíocht Foghlama de dhíth orthu a mhúineadh in earnáil an bhunoideachais.

Ba chóir go mbeadh a dtréimhse phromhaidh curtha i gcrích go sásúil ag iarratasóirí de réir na Imlitreach 140/2006 agus iad fostaithe i bpost aitheanta i réimse oideachais speisialta nó tacaíocht foghlama, nó postanna dá leithéid a bheith dá líonadh acu i Meán Fómhair 2010. Chun críche an chúrsa, beidh ar mhúinteoirí raon clár a sheachadadh a bhainfidh le foghlaim agus teagasc daltaí a mbeidh riachtanais speisialta acu agus/nó a mbeidh tacaíocht foghlamtha ag teastáil uathu.* Ní mór tréimhsí a bheith i dtráthchlár na múinteoirí, freisin, ina mbeidh siad ag obair le grúpaí beaga daltaí.

(b) **Iarbhunscoileanna**

Beidh ar oidí cóip dá dTeastas Clárúcháin a chur isteach, nó litir dheimhniú clárúcháin ón gComhairle Mhúinteoireachta, agus foirm iarratais á sheoladh isteach. Má tá an réimse “Earnáil Oideachais”, beidh ar oidí fianaise a sholáthar go bhfuil aitheantas acu ón gComhairle Mhúinteoireachta ar incháilitheacht do mhúineadh in earnáil an oideachais iarbhunscoile príomhshrutha nó do scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais nó scoláirí a bhfuil Tacaíocht Foghlama de dhíth orthu a mhúineadh in earnáil an iarbhunoideachais.

Múinteoirí Tacaíochta Foghlama

Ba chóir d'oidí cáilithe atá sannta do Thacaíocht Foghlama tacaíocht a sholáthar do dhaltaí a bhfuil tacaíocht foghlama de dhíth orthu ar feadh 12 uair an chloig sa tseachtain **ar a laghad**. Ba chóir ceithre rangthréimhse ar a laghad a dháileadh ar theagasc daltaí aonair nó grúpaí nach mó iad ná seisear daltaí. Ní mór am breise a sholáthar, freisin, le dul i gcomhairle le tuistí/caomhnóirí nó le comhghleacaithe. In éineacht le hobair uimheartheachta, **caithfidh** go mbeidh ar a laghad 4 rangthréimhse d'obair litearthachta san áireamh in aghaidh na seachtaine sna huaireanta Tacaíocht Foghlama* a dháilfear (agus an bhéim ar scileanna litearthachta na ndaltaí a bhaineann le léitheoireacht, scríbhneoireacht, éisteacht agus labhairt, murab ionann agus ar réimsí ábhair teanga-bhunaithe ar nós Stair/Tíreolaíocht)

Oidí Acmhainne

Cuirtear fáilte roimh iarratais ó scoileanna/ionaid dara leibhéal aitheanta a bhfuil postanna ranganna speisialta, postanna acmhainne agus uaireanta acmhainne leithdháilte orthu. Ní mór don duine a ainmnítear a bheith ina (h)oidé atá i dteideal post buan a líonadh i scoileanna dara leibhéal. Le bheith incháilithe don chlár, caithfidh múinteoirí 12 uair a chloig **ar a laghad** sa tseachtain a chaitheamh ag obair le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Chun críche an chúrsa, beidh ar mhúinteoirí raon clár a chur ar fáil a bhainfidh le foghlaim agus teagasc daltaí a mbeidh riachtanais speisialta acu agus/nó iad siúd a bheidh tacaíocht foghlamtha de dhíth orthu.

Ní mór go mbeidh tréimhsí i dtráthchláir oidí ina mbeidh siad ag obair le grúpaí beaga daltaí.

* Féach iniata ag Aguisín 1 sainmhíneithe ar na catagóirí um Riachtanais Speisialta Oideachais/Tacaíocht Foghlama mar a luaitear in Imlitir **SP ED 02/05**

(c) **Scoileanna Speisialta**

Beidh ar oidí cóip dá dTeastas Clárúcháin a chur isteach, nó litir dheimhniú clárúcháin ón gComhairle Mhúinteoireachta, agus foirm iarratais á sheoladh isteach. Má tá an réimse “Earnáil Oideachais”, beidh ar oidí fianaise a sholáthar go bhfuil aitheantas acu ón gComhairle Mhúinteoireachta ar incháilitheacht do mhúineadh in earnáil an oideachais bunscoile nó iarbhunscoile príomhshrutha nó do scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais nó scoláirí a bhfuil Tacaíocht Foghlama de dhíth orthu a mhúineadh in earnáil an bhunoideachais nó an iarbhunoideachais.

Cuirtear fáilte roimh iarratais ó oidí i Scoileanna Speisialta. Ní mór an tréimhse phromhaidh a bheith slánaithe go sásúil acu de réir na hImlitreach 140/2006 agus a bheith i bpost ceadaithe i Scoil Speisialta nó a bheith ag tosú ar a leithéid de phost i Meán Fómhair 2010.

(d) **Seirbhís Oideachais Eile**

Beidh ar oidí cóip dá dTeastas Clárúcháin a chur isteach, nó litir dheimhniú clárúcháin ón gComhairle Mhúinteoireachta, agus foirm iarratais á sheoladh isteach. Má tá an réimse “Earnáil Oideachais”, beidh ar oidí fianaise a sholáthar go bhfuil aitheantas acu ón gComhairle Mhúinteoireachta ar incháilitheacht do mhúineadh in earnáil an oideachais bunscoile nó iarbhunscoile príomhshrutha nó do scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais nó scoláirí a bhfuil Tacaíocht Foghlama de dhíth orthu a mhúineadh in earnáil an bhunoideachais nó an iarbhunoideachais.

Caithfidh oidí aitheantas a bheith faighte acu ón gComhairle Múinteoireachta go bhfuil siad incháilithe do cheapachán buan i mbunscoil, iarbhunscoil nó scoil speisialta. Cuirtear fáilte roimh iarratais ó mhúinteoirí cáilithe atá fostaithe ag Coistí Gairmoideachais mar theagascóirí litearthachta/agus nó uimheartheachta in Ógtheagmháil, i dTionscnaimh Phobail nó sa tSeirbhís Príosúin, agus a bhfuil obair Thacaíocht Foghlama mar chúram orthu ar feadh 12 n-uaire sa tseachtain **ar a laghad**. Ba chóir ceithre rangthréimhse ar a laghad a chur ar fáil le daltaí aonair nó grúpaí nach mó iad ná seisear dalta a theagasc. Ní mór am breise a sholáthar, freisin, le dul i gcomhairle le tuistí/caomhnóirí nó le comhghleacaithe. Chomh maith le hobair san uimheartheacht, **caithfidh** go mbeidh ar a laghad 4 rangthréimhse d'obair litearthachta san áireamh in aghaidh na seachtaine. sna huaireanta Tacaíochta Foghlama a dháilfear

7. **Iarratais agus Roghnú**

Ní mór iarratais a tabhairt ar ais don Choláiste nó don Ollscoil a roghnófar faoi 5 i.n. ar an 1 Márta 2010.

Ba chóir d'iarratasóirí fianaise postála a choinneáil.

Tabharfar tús áite d'oidí a shásaíonn na critéirí thíosluaite agus nár fhreastal cheana ar chlár iarchéime dá leithéid do mhúinteoirí Tacaíochta Foghlama nó do mhúinteoirí do scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

De ghnáth, ní dhéanfar ach iarratas amháin ó Scoil/Ionad ar bith a mheas.

Ba chóir d'iarratasóirí a mheabhrú go n-iarrfaidh institiúidí áirithe ar iarratasóirí dul faoi agallamh.

Tá sé beartaithe, ar na cláir sin a ghlacann le múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile araon, go leithdháilfear an líon céanna áiteanna ar gach ceann den dá ghrúpa, ach is féidir go leasófar an coibhneas mar fhreagairt ar éileamh agus ar chúinsí áitiúla.

Fágfar roghnú na rannpháirtithe ó na hiarratasóirí inroghnaithe mar chúram ar údaráis na gColáistí/Ollscoileanna.

* Féach iniata ag Aguisín 1 sainmhínte ar na catagóirí um Riachtanais Speisialta Oideachais/Tacaíocht Foghlama mar a luaitear in Imlitir **SP ED 02/05**

8. Táillí do na cláir seo

Ní bheidh aon táille ná costais chláraithe i gceist i gcás iarratasóirí atá intofa faoi théarmaí na hImlitreach seo.

9. Saoire Phearsanta Bhreise

Ní cheadófar aon saoire phearsanta bhreise i dtaca le freastal ar an gClár.

10. Ionadaíocht

Ceadófar ionadaíocht fad is a bheidh oidí ag freastal ar na codanna den Chlár a bhainfidh le blocscaoileadh.

11. Socruithe Tuarastail

Leanfar ar aghaidh le h-íocaíocht tuarastail sa ghnáthshlí dos na hoidí ar bhlocscaoileadh faoi théarmaí an Chláir seo.

Ar chríoch rathúil an chláir seo, féadfaidh oide a bheith i dteideal ar liúntas faoi réir théarmaí na hImlitreach Prim 21/05 (Bunscoil) nó 0135/2006 (Iarbhunscoil) – tá an dá imlitir ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, www.education.ie. **Tagann na hinstiúidí ar fad a luaitear ag alt 1 thuas, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh san áireamh, faoi théarmaí na n-implitreacha seo.**

12. Taisteal agus Cothabháil

I gcás na ndaoine atá incháilithe ar íocaíocht an liúntais, ní íocfar aon chostais taistil agus cothabhála. Íocfar costais Taistil agus Cothabhála sa ghnáthshlí dóibh siúd nach bhfuil incháilithe ar íocaíocht an liúntais. **Ní mór gach éileamh ar thaisteal agus cothabháil a chur isteach faoin 31 Nollaig sa bhliain ina gcríochnaíonn an rannpháirtí an clár.**

13. Clár Máistreachta

Tá na daoine sin a chríochnaíonn go rathúil an Comhchlár Diplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leantach d'Oidí atá ag obair i dTacaíocht Foghlamtha agus in Oideachas Speisialta agus a shásaíonn na riachtanais iontrála, i dteideal iontráil a éileamh ar Chlár Máistreachta a bheidh ar fáil ag na Instiúidí atá liostaithe i Cuid 1 den Imlitir seo. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar a gcuid suíomhanna gréasáin, a bhfuil sonraí ina leith in Aguisín 3.

Alan Wall
Príomhoifigeach

Eanáir 2010

Míchumas coirp

Tá míchumais bhuana nó fhadtréimhseacha ar na leanaí seo, ag eirí as riochtaí mar éagruthanna ó bhreith, bifide cnámh droma, diospraicea, diostrópacht mhatánach, pairilis cheirbeach, cnámha sobhriste nó mórghortú de dheasca timpiste. De dheasca lagú a bhfeidhmeanna coirp, bíonn cabhair agus tacaíocht faoi leith de dhíth orthu chun go mbeidh oideachas ar fáil dóibh den leibhéal agus den mhianach a oireann dá riachtanais agus dá gcumais.

Bíonn gá ag a lán acu le cathaoir rotha, le háis ghluaiseachta nó suite nó le tacaíocht teicneolaíochta eile.

D'fhéadfadh go mbeadh easpa ar a rialú agus ar a gcomhordú matánach mar aon le deacrachtaí maidir le cumarsáid a dhéanamh, go háirithe rudaí a rá go soiléir mar a tharlaíonn, mar shampla, le diospraicea géar.

Daltaí ar a bhfuil míchumas coirp agus go bhfuil deacrachtaí foghlamtha ag cur isteach orthu de thoradh an mhíchumais, **is féidir** go mbeidh acmhainn teagaisc uathu, áit a mbeidh deacrachtaí foghlama suntasacha ann dá bharr. Is féidir nach mbeidh ach teicneolaíocht chabhrach ag teastáil ón gcuid eile.

Bac cloisteála

Bíonn míchumas cloisteála ar na daltaí seo atá chomh trom sin go dtagann sé go mór sa bhealach ar a gcumas chun urlabhra daonna a chloisteáil agus a thuiscint agus sa tslí sin go dtagann sé idir iad agus páirt iomlán a ghlacadh in idirghníomhaíocht ranga agus an tairbhe is gá a bhaint as an teagasc ar scoil. Beidh oideas faighte ag a bhformhór le haghaidh áiseanna cloisteála agus beidh siad ag fáil cabhrach ó Oide Cuartaíochta. **(Níl sé i gceist go n-áireofaí daltaí ar a bhfuil mioneaspa cloisteála san aicme seo.)**

Scoileanna a bhfuil dalta acu a mheastar a bhfuil bac cloisteála measta air/uirthi ach gan mhíchumas measta ar bith eile ag cur isteach air/uirthi, d'fhéadfaí uaslíon 4 uair an chloig de theagasc tacaíochta in aghaidh na seachtaine a dháileadh ar scoileanna ó oide acmhainne nó ó oide cuartaíochta agus oide acmhainne ar aon.

Sa chás go mbeidh dalta ann ar a bhfuil bac cloisteála air/uirthi agus go sásaíonn an dalta sin, ag an am céanna, na critéir i leith aicme míchumais eile ísealmhínicíochta, déanfar soláthar a dháileadh faoi mar a bheadh ilchumais i gceist.

Bac amhairc

Bíonn bac amhairc ar na daltaí seo atá chomh trom sin go dtagann sé go mór sa bhealach ar a gcumas feiceála agus sa dóigh sin go dtagann sé idir iad agus ábhar a chuirtear os a gcomhair lena bhfeiceáil mar phictiúir, léaráidí agus an focal scríofa. Beifear tar éis roinnt a aithint mar dhaltaí a bhfuil daille ó dhúchas orthu nó cataráich nó ailbíneachas nó reitíníteas pigmentosa. Beidh gá ag a bhformhór le háiseanna um ísealradharc agus beidh siad ag fáil cabhrach ó Oide Cuartaíochta. **(Níl sé i gceist go n-áireofaí daltaí ar féidir a ndeacrachtaí amhairc a cheartú go sásúil le caitheamh spéaclaí nó lionsaí tadhaill san aicme seo.)**

Scoileanna a bhfuil dalta acu a mheastar a bhfuil bac amhairc measta air/uirthi ach gan mhíchumas measta ar bith eile ag cur isteach air/uirthi, d'fhéadfaí uaslíon 3½ uair an chloig de theagasc tacaíochta in aghaidh na seachtaine a dháileadh ar scoileanna ó oide acmhainne nó ó oide cuartaíochta agus oide acmhainne ar aon.

Sa chás go mbeidh dalta ann ar a bhfuil bac amhairc air/uirthi agus go sásaíonn an dalta sin, ag an am céanna, na critéir i leith aicme míchumais eile um ísealtarlú, déanfar soláthar a dháileadh faoi mar a bheadh ilchumais i gceist.

Suaitheadh mothúchánach nó fadhbanna iompair

Tá cóir leighis **á cur** ag síciatraí ná ag síceolaí ar na daltaí seo le haghaidh riochtaí mar néaróis, síocóis linbh, hipirghníomhaíocht, neamhord easpa airde, neamhord hipirghníomhaíochta easnamh airde agus neamhord iompraíochta a chuireann isteach go mór ar a sóisialú agus/nó a bhfoghlaim ar scoil. **(Níl sé i gceist go n-áireofaí daltaí ar féidir leo déileáil lena gcuid deacrachtaí iompair nó iompraíochta go torthúil de réir nósanna imeachta aontaithe araíonachta san aicme sin.)**

D'fhéadfadh sé go mbeidh tacaíocht acmhainne teagaisc ag teastáil ó na daltaí sin. Sa chás go mbeadh iompar an dalta mar bhaol dó féin nó do dhaltaí eile nó go gcuireann sé go mór isteach ar dheiseanna foghlamtha na ndaltaí eile, is féidir go mbeadh tacaíocht chúraim ó chúntoir oide riachtanais ag teastáil. I gcúinsí áirithe is féidir go mbeadh an dá thacaíocht ag teastáil.

Meánmhíchumas ginearálta foghlamtha

Beidh na daltaí seo measúnaithe ag síceolaí mar dhaltaí a bhfuil mionbhac foghlamtha ginearálta orthu.

Is féidir uasmhéid de 3.5 uair an chloig tacaíocht teagaisc sa tseachtain ó oide acmhainne a dháileadh ar scoil i leith gach dalta go bhfuil mionbhac ginearálta foghlamtha acu de thoradh measúnachta (beidh IQ scór an dalta idir 35 agus 49 de thoradh measúnachta).

Míchumas foghlamtha ginearálta trom/domhain

Beidh na daltaí seo measúnaithe ag síceolaí mar dhaltaí a bhfuil míchumas foghlamtha ginearálta trom nó domhain ag cur isteach orthu. Ina theannta sin is féidir go mbeidh míchumas coirp ag cur as dóibh.

Is féidir cúig uair an chloig tacaíocht teagaisc sa tseachtain ó oide acmhainne a dháileadh ar scoil i leith gach dalta go bhfuil dian nó domhain míchumas foghlamtha ginearálta acu (beidh IQ scór an dalta faoi 35 de thoradh measúnachta).

Uathachas / neamhord speictream uathaigh (ASD)

Beidh síciatraí nó síceolaí tar éis na daltaí seo a mheas agus iad a rangú mar dhaltaí a bhfuil uathachas nó neamhord speictrea an uathachais orthu de réir na gcritéar DSM–IV nó ICD–10.

Tá sé tábhachtach, ar son an dalta ar a bhfuil *ASD*, agus chun déileáil go hiomlán lena chuid riachtanas go ndéanfar measúnacht ildisciplíneach chun a chinntiú go bhfuil *ASD* i gceist. Aontaíonn a leithéid sa mhéid go mbeadh foireann ildisciplíneach i gceist, le beartas na Seirbhíse Síceolaíochta um Oideachas Náisiúnta (*NEPS*).

Is féidir uasmhéid de 5 uair an chloig tacaíocht teagaisc sa tseachtain ó oide acmhainne a dháileadh ar scoil i leith gach dalta a bheidh measta mar *ASD*.

Daltaí ar a bhfuil riachtanais speisialta oideachais orthu ag éirí as siondróm measúnaithe

Cinnfear ar an leibhéal tacaíochta sa bhreis a sholáthrófar le haghaidh daltaí a bhfaightear siondróm ar leith acu m.sh. siondróm Down, siondróm William agus siondróm Tourette, tar éis tuairiscí síceolaíochta agus tuairiscí saineolaithe eile a shonrú cineál agus leibhéal riachtanais oideachais speisialta an dalta.

Sa chás go mbeidh míchumas foghlamtha ginearálta ar dhalta ar a bhfuil siondróm measúnaithe, déanfar tacaíocht teagaisc acmhainne a dháileadh ar scoileanna de réir na huairéanna an chloig a dháiltear ar dhaltaí a bheidh laistigh den bhanda céanna IQ (míchumas ginearálta foghlama meánach, trom/domhain *GLD*). Sa chás go mbeidh míchumais ísealmhínicíochta eile ar dhalta, a bhfuil siondróm measúnaithe air/uirthi, déanfar tacaíocht teagaisc acmhainne a dháileadh ar an mbonn sin.

Neamhord sainiúil teanga agus urlabhra

Ba chóir go gcomhlíonfaidh a leithéid de dhaltaí **gach ceann** de na critéir a leanas:

- Rinneadh an dalta a mheas ag síceolaí ar thriail chaighdeánaithe éirime a lonnaíonn an leibhéal gníomhúcháin nó neamhbhriathartha bheith laistigh den ghnáthréimse nó os a chionn.
- Rinneadh an dalta a mheas ag teiripí urlabhra ar thriail chaighdeánach san fhorbairt teanga a lonnaíonn an gníomhúchán dá réir i gceann nó níos mó de na mórlimistéir urlabhra agus teanga ag dhá dhiall chaighdeánaithe nó níos mó faoi bhun an mheáin nó a iontamhail go ginearálta.
- Nach de dheasca bac cloisteála atá deacrachtaí ag an dalta. Áit a bhfuil cur isteach éigin ag an mbac cloisteála ar an dalta, ba cheart go mbeadh tairseach cloisteála na mínicíochta a bhaineann le urlabhra ag 40 Db.
- Nach meastar go bhfuil mí-oird mhothúcháin nó iompraíochta nó míchumas coirp ina mbunchúiseanna.
- Ná cuirtear san áireamh daltaí a bhfuil moilleanna agus deacrachtaí urlabhra agus teanga acu faoi aicme seo .

- I gcás neamhord sonrath urlabhra agus teanga ní mór **inniúlacht neamh-urlabhra nó gníomhaíochta** an dalta a bheith laistigh den mheanraon nó níos airde ná í. (m.sh. ba chóir don IQ um neamhurlabhra nó gníomhaíocht a bheith 90 nó níos airde).
- Ní mór go mbeadh measúnacht déanta ar an dalta ag teiripí urlabhra agus teanga agus de thoradh sin a bheith lonnaithe ag dhá dhiall chaighdeánacha nó níos mó laistíos den mheán nó ag leibhéal coibhéiseach ginearálta (i.e. –2 diall caighdeánach nó níos lú, ag nó níos ísle ná scór caighdeánach 70) i gceann amháin nó níos mó ná na príomhlíonmáir um fhorbairt urlabhra agus teanga.
- Tá **dhá** mheasúnacht de dhíth sa chás seo – measúnacht síceolaíochta mar aon le measúnacht urlabhra agus teanga
- Is féidir uasdáileadh 4 uair an chloig de thacaíocht teagaisc sa tseachtain ó oide acmhainne a dháileadh ar scoileanna in aghaidh gach dalta a bheidh measúnaithe mar mhí-ord sainiúil urlabhra agus teanga.

Ilmhíchumais

Daltaí a dhéanfar a mheasúnú mar ilmhíchumais, comhlíonfaidh siad na critéir le haghaidh dhá cheann nó níos mó de na míchumais a sainíodh thuas. Is féidir uasdáileadh 5 uair an chloig de thacaíocht teagaisc sa tseachtain ó oide acmhainne a dháileadh ar scoileanna in aghaidh gach dalta a bheidh measúnaithe mar ilmhíchumais..

Tacaíocht Foghlamtha

Soláthraíonn an eiseamláir um dháileadh ginearálta acmhainní teagaisc sa bhreis chun cabhrú le scoileanna chun soláthar a chur ar fáil do:

Dhaltaí a bheidh intofa le haghaidh teagaisc um thacaíocht foghlamtha: *Agus intofacht á cinntiú le haghaidh teagaisc um thacaíocht foghlamtha, ba chóir tosaíocht a thabhairt do na daltaí sin a mbeidh a gcuid torthaí ag an 10ú peircintíl ar thástálacha caighdeánacha léitheoireachta nó matamaitice.*

